# Scéal, Scéal, Scéal...

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

**8 Feabhra 2024** || Eagrán 183

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Dáta don dialann...



# OÍCHE CHEOIL DO VINCE

Tá oíche cheoil á reáchtáil ar mhaithe le Vince Barker ar an 16 Feabhra @ 7:30i.n. i dTigh Chualáin. Fuair Vince agus a chlann drochscéal le gairid, go bhfuil sé ag fulaingt de dheasca siada inchinne. Táthar ag súil le roinnt airgid a bhailiú ar an oíche ar mhaithe le Vince agus a chlann. Ní gá ticéad a cheannach ach fáilteofar roimh dheontais ar an oíche. Beidh Neansaí Ní Choisdealbha i láthair mar bhean an tí ar an oíche, agus beidh ceol den chéad scoth le cloisteáil ó Cheoltóirí Óga Chois Fharraige, Róisín agus Colm Seoighe agus na hÉasógaí, chomh maith le Cogar, Steve Sweeney, Tola Custy agus Laoise Kelly agus Muintir Hernon.




# CLUB CLEITE

Cuireadh tús leis an gclub scríbhneoireachta Club Cleite le gairid, ach tá fáilte roimh bhaill nua go fóill. Tá an club oscailte do dhéagóirí idir 13-18 bliain d’aois. Tiocfaidh an grúpa le chéile uair in aghaidh na coicíse agus mairfidh an seisiún uair a’ chloig ó 5:30-6:30i.n. Díreoidh na seisiúin ar am agus spás a chur ar fáil le scríbhneoireacht a dhéanamh, chomh maith le treoir agus aiseolas a fháil. Nodanna agus cleachtaí a bheas sna seisiúin, chomh maith le cluichí agus comhrá. Tá sé oscailte d’aon duine le suim acu sa scríbhneoireacht, ó dhaoine le saothar foilsithe acu cheana nó daoine atá díreach ag tabhairt faoi! Beidh baill an chlub in ann scríobh in aon seánra, idir fhilíocht, gearrscéalta, obair ar úrscéal, ficsean grafach, drámaí nó script scannáin. Tá breis eolais ar fáil ag: https://www.fightingwords.ie/club-cleite-foirm-chlaruchain

# AN GARDA SÍOCHÁNA AG EARCÚ

**Tá comórtas earcaíochta an Gharda Síochána ar oscailt faoi láthair agus glacfar le hiarratais go dtí an 8 Feabhra 2024. Tá sé mar aidhm ag an nGarda Síochána níos mó daoine le Gaeilge a mhealladh i dtreo na hearnála. Bunaíodh Sruth na Gaeilge i bpróiseas earcaíochta an Gharda Síochána d'iarrthóirí atá líofa sa Ghaeilge i 2013 leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge a neartú. Is féidir iarratas a dhéanamh agus tuilleadh eolais a fháil ag www.Publicjobs.ie**

# FOLÚNTAIS AG AN ITT

**Fáiltíonn an ITT roimh iarratais do phostanna mar Oibrí Luathbhlianta, ar bhonn lánaimseartha agus páirt aimseartha. Ní mór d'iarrthóirí cáilíocht Leibhéal 5 nó 6 i gCúram Leanaí (QQI/FETAC nó a chomhionann) a bheith acu. Tá líofacht sa Ghaeilge riachtanach don phost seo. Tá an ITT ag glacadh le hiarratais freisin do ról an leas-bhainisteora. Beidh an leas-bhainisteoir freagrach as cúnamh agus tacaíocht i leith riaradh agus bainistiú an ionaid, ina iomláine. Tá an eagraíocht ag glacadh le hiarratais do ról an bhainisteora freisin. Beidh an té a cheapfar freagrach as riaradh agus bainistiú sheirbhísí an ITT, idir na seirbhísí naíolainne, naíonraí, chlubanna bricfeasta agus seirbhísí iarscoile. Le cur isteach ar aon cheann de na postanna thuasluaite, ní mór iarratais agus CV a sheoladh chuig ittancranntaca@gmail.com nó: ag An Rúnaí, An Crann Taca/Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe. Beidh eolas breise faoi na poist ar fáil ach teagmháil a dhéanamh le 091 399199 nó ríomhphost a sheoladh chuig ittancranntaca@gmail.com. Glacfar le hiarratais go dtí Dé Luain 12 Feabhra @ 5i.n.**

# BÁNÚ SA bPOITÍN

**Beidh oíche mhór cheoil, spraoi agus damhsa ar bun ar an Aoine 9 Feabhra, sa bPoitín Stil, eagraithe ag BÁNÚ, ar mhaithe le hairgead a bhailiú don fheachtas atá ar bun ag an eagraíocht nua-bhunaithe, maidir le soláthar tithíochta do chainteoirí Gaeilge sa nGaeltacht. Beidh Ceann Gólaim nó Clann Sonny, mar a thugtar orthu go minic, ag casadh, chomh maith le Colm Seoighe is na hEasógaí; Ruairí Mac Con Iomaire agus na Rógairí; Johnny Óg Connolly agus a chairde; Ceoltóirí Óga Chois Fharraige agus Micheál Darby Ó Fátharta. Níl ach €10 ar na ticéid a bheas le ceannach ar an doras, nó ar líne ar 'Ticket Tailor'. Is féidir ticéid a cheannach nó síntiús a thabhairt ach an nasc seo a úsáid: https://buytickets.at/bn/1117857**










# ÁDH MÓR, A LORCÁIN!

Beidh Lorcán Ó Curraoin, ó Bhoth Loiscthe, An Spidéal, ag taisteal go Sarajevo, príomhchathair Bosnia & Herzegovina, an mhí seo chugainn le páirt a ghlacadh i gcraobhchomórtas snúcair na hEorpa faoi 16 agus faoi 18. Le gairid bhí bua ag Lorcán sa gcomórtas *SBI Stars of the Future*, lena áit a chinntiú i gcraobh chomórtas na hEorpa. Guíonn muid chuile rath ar Lorcáin!



# CÚRSA CPR & AED LE CROÍLÍNE CHOIS FHARRAIGE

Tá cúrsa oiliúna i gcúrsaí CPR agus AED á reáchtáil ag Croílíne Chois Fharraige ar an Satharn 10 Feabhra. Cuirfear tús leis an gcúrsa @ 8:45r.n. agus mairfidh sé go dtí 12:30 San Ionad Pobail, sa Spidéal a bheas an cúrsa ar siúl (ar chúl Cló Iar-Chonnacht). Tá táille de €40 ar an gcúrsa. Le níos mó eolais a fháil faoin gcúrsa is féidir cuairt a thabhairt ar www.croiline.com/traenailtraining agus le d'áit a chur in áirithe, is féidir teagmháil a dhéanamh le croilinetraining@gmail.com

Croíline
CHOIS FHARRAIGE

# SEARMANAS INSEALBHAITHE AN ATHAR DANIEL

Insealbhaíodh an tAthair Daniel Gallagher mar shagart paróiste ar an Spidéal ag searmanas speisialta i gCill Éinde le gairid. Tá an tAthair Daniel ag feidhmiú sa bparóiste ó dheireadh mhí na Samhna 2021, ach cheap an tEaspag Michael Duignan go foirmeálta é ag aifreann an Domhnaigh seo caite. Trí shéipéal atá faoina chúram, Cill Treasa i Ros an Mhíl, Cill Mhuire sna Mine agus Cill Éinde sa Spidéal agus ghlac ionadaithe as chuile cheantar acu páirt sa searmanas. Gasúir as an bparóiste a léigh guí an phobail agus Cór an Chroí Ró-Naofa as Cill Éinde a bhí i mbun an cheoil. Ghuigh an tEaspag chuile rath ar an Athair Daniel agus dúirt sé go raibh súil aige go mbeidh blianta fada roimhe féin agus muintir an pharóiste ag obair agus ag tacú lena chéile. Lean an ceiliúradh ar aghaidh i Halla Scoil Éinne, áit ar tháinig slua breá le chéile le casadh leis an Easpag Michael agus le tréaslú leis an Athair Daniel. Is as an mBóthar Mór i gCathair na Gaillimhe don Athair Daniel agus chaith sé tréimhse mar shagart cúnta i Meáraí/Órán Mór sular ceapadh sa Spidéal é nuair a ainmníodh an tAthair Seán Mac Aoidh mar shéiplíneach in Ospidéal na hOllscoile i nGaillimh.



# PANCÓGA AG POTA AR SON MADRA

Beidh pancóga blasta ar fáil ag POTA ar an Máirt 13 Feabhra. Rachaidh an t-airgead a bhailítear ó dhíol na bpancóga díreach chuig MADRA, carthanacht áitiúil a chabhraíonn le madraí baile úr a aimsiú. Beidh ionadaithe ó MADRA ar an láthair ó 12-2i.n le ceisteanna ar bith a bheas ag éinne, a fhreagairt.




# CÚRSA BARISTA

Tá cúrsa barista á reáchtail ag Forbairt Tuaithe na Gaillimhe ar an Máirt 27 Feabhra in Ionad Cuimhneacháin na nImirceach, i gCarna (H91 W60F). Mairfidh an cúrsa ó 9:30r.n.-4:30i.n. Ní mór clárú don chúrsa roimh an Máirt 13 Feabhra. Is féidir níos mó eolais a fháil, nó do spás a chur in áirithe ach teagmháil a dhéanamh le Deirdre ag 087 9695 937 Tá an cúrsa seo á thairiscint saor in aisce.

# RANGANNA DAMHSA


Tá ranganna nua 'Buntreoir don Bhailé' á reáchtáil i Scoil Sailearna atá dírithe ar leanaí beaga bídeacha. Beidh meascán de ghníomhaíochtaí bailé spraíúla, samhlaíocht, scéalaíocht, damhsa, cluichí simplí agus tasicéalaíocht trí cheol ar chlár na ranganna. Beidh na ranganna feiliúnach do ghasúir idir 3-4 bliana d'aois agus cuirfear tús leis an gcúras ar an 23 Feabhra @ 2:45i.n. Is féidir teagmháil a dhéanamh le: schools@danceconceptseu.com le haghaidh tuilleadh eolais.

# TRÁTH NA gCEIST DO SCOIL SAILEARNA

Tá Tráth na gCeist á reáchtáil ag Coiste na dTuismitheoirí ag Scoil Sailearna i dTigh Chualáin, ar an Aoine 9 Feabhra. Cuirfear tús le cúrsaí ag 8 i.n. Beidh crannchur ar an oíche, le neart duaiseanna iontacha le buachan. Táille de €40 atá ann le haghaidh bord de cheathrar, nó €10 an duine aonair. Fáilte roimh chách!

# CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE

Beidh an chéad ócáid eile de chuid Chlub Leabhar Chois Fharraige ar an gCéadaoin, 14 Feabhra - Lá Vailintín - nuair a sheolfaidh Gormfhlaith Ní Thuairisg úrscéal nua le Jackie Mac Donncha ó Chill Chiaráin. 'Oiread na Fríde' is ainm don úrscéal, atá foilsithe ag Cló Iar-Chonnacht sa Spidéal. Tosóidh an ócáid ag 8i.n. Má tá tuilleadh eolais ag teastáil, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gclub, ag clubleabharcf@gmail.com




# CIORCAL COMHRÁ

Cuireadh tús le Ciorcal Comhrá seachtainiúil ag Muintearas le gairid. Tiocfaidh an grúpa le chéile chuile Chéadaoin @ 10r.n. Deis do dhaoine a theacht le cheile atá ann le haghaidh comhrá agus comhluadar. Díreofar ar chúrsaí ceardaíochta ar nós cniotáil, cróiseáil, ealaíon agus péinteáil ach fáilteofar roimh smaointe eile freisin, ar ndóigh! Le tuilleadh eolais a fháil, is féidir teagmháil a dhéanamh le 085 844 6802



# BUA AG AN ‘JUVENES TRANSLATORES’ DO CHOLÁISTE CHROÍ MHUIRE

Don dara bliain as a chéile tá Coláiste Chroí Mhuire tar éis an comórtas aistriúcháin Eorpaigh ‘Juvenes Translatores’ a bhuachain. Anuraidh, an chéad bhliain don scoil a bheith rannpháirteach sa gcomórtas, bronnadh an duais ar Mhatilde Worsop a bhí san Ardteist ag an am. I mbliana is é Fionnán Ó Coisdealbha a thug an príomhdhuais leis. Coicís ó shin thug








Fionnán agus a fhoireann Corn Uí Chadhain, ó Chomórtas Díospóireachta Uí Chadhain le Gael-Linn, leo go dtí an scoil. Éacht a bhí ansin, agus anois tá éacht eile déanta ag Fionnán inniu. Comhghairdeachas ó chroí leat a Fhionnáin, agus leis an ngrúpa ar fad a ghlac páirt sa gcomórtas i mbliana, Éabha Ní Chonghaile, Éadaoin Ní Dhroighneáin, Neasa Nic Dhonncha agus ar ndóigh Fionnán Ó Coisdealbha. Comhghairdeachas mór freisin le Róise Ní Churraoin a fuair Ardmholadh as ucht ardchaighdeán a cuid aistriúcháin. Nár laga Dia sibh ar fad.